V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11031 — HITACHI CONSTRUCTION MACHINERY / KIESEL / EAC)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 93/07)

1. An 6 Márta 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Hitachi Construction Machinery Co., Ltd. ("HCM", an tSeapáin),

— KTEG GmbH ("KTEG", an Ghearmáin), ar leis an Kiesel Group (an Ghearmáin) é, agus

— EAC European Application Center GmbH ("EAC", an Ghearmáin), comhfhiontar neamh-lánfheidhme faoi chomhrialú ag HCM agus KTEG.

Gheobhaidh HCM agus KTEG comhrialú ar chomhfhiontar lánfheidhme, EAC, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Sheapánach í HCM atá gníomhach ar fud an domhain i dtáirgeadh agus i ndáileadh innealra foirgníochta. Ina theannta sin soláthraíonn sé trealamh úsáidte agus páirteanna spártha dá dtáirgí, chomh maith le seirbhísí gaolmhara.

— Is cuideachta Ghearmánach í KTEG a fhorbraíonn agus a dhearann táirgí, páirteanna tochaltóra saincheaptha den chuid is mó, chomh maith le réitigh, amhail saincheapadh innealra foirgníochta. Tá KTEG mar chuid de Kiesel Group, a dháileann innealra nua foirgníochta agus láimhsithe agus innealra úsáidte de chuid brandaí éagsúla ar fud an domhain. Ina theannta sin soláthraíonn Kiesel Group réitigh chórais agus seirbhísí coimhdeacha sna réimsí seo a leanas: airgeadas, léasú agus oiliúint tiománaithe.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag EAC: Soláthróidh EAC innealra foirgníochta astaíochtaí nialasacha agus sainfheidhme. Go háirithe, déanfaidh sé innealra foirgníochta leictreach astaíochtaí nialasacha a fhorbairt, a tháirgeadh agus a dhíol, tochaltóirí den chuid is mó, chomh maith le hinnealra agus trealamh foirgníochta sainfheidhme, lena n-áirítear córais athraithe crainn scóide.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11031 — HITACHI CONSTRUCTION MACHINERY / KIESEL / EAC

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.